TREORACHA LE hAGHAIDH LÁ AN CHOMÓRTAIS

Reáchtálfar **comórtas Juvenes Translatores (JT) ar líne** Déardaoin **an 26 Samhain 2026, ó 10:00 go 12:00** (Am Lár na hEorpa).

Más amhlaidh nach bhféadfaidh do scoil páirt a ghlacadh sa chomórtas ar chúis ar bith, cuir Foireann JT ar an eolas a luaithe is féidir ar ríomhphost (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu).

Más amhlaidh nach bhféadfaidh rannpháirtithe cláraithe páirt a ghlacadh sa chomórtas, ar chúis ar bith, beidh tú in ann a n-ainm a bhaint agus rannpháirtithe nua a chlárú ina n-ionad, chomh maith le heolas a chur in eagar agus péirí teangacha a athrú, ar ardán an chomórtais (https://jt.ec.europa.eu/ga) **go dtí an 24 Samhain 2026, 23:59 Am Lár na hEorpa**. Tar éis an dáta sin, ní féidir tuilleadh athruithe a dhéanamh.

Foilsítear **rialacha an chomórtais** ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT. Léigh go cúramach iad, le do thoil.

Tá **treoracha breise** le haghaidh **Lá an Chomórtais** leagtha amach thíos:

1. Beidh an comórtas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil **Déardaoin an 26 Samhain 2026** ag na h**uaireanta áitiúla** seo a leanas:

    a. 08:00–10:00 sna hAsóir;
    b. 09:00–11:00 sa Phortaingéil (seachas na hAsóir), sna hOileáin Chanáracha, agus in Éirinn;
    c. 10:00–12:00 sa Bheilg, san Ísiltír, i Lucsamburg, sa Fhrainc (seachas La Réunion agus Guadalúip), sa Ghearmáin, sa Spáinn (seachas na hOileáin Chanáracha), san Iodáil, san Ostair, sa Danmhairg, sa tSualainn, i bPoblacht na Seice, sa tSlóvaic, san Ungáir, sa tSlóivéin, sa Chróit, i Málta agus sa Pholainn;
    d. 11:00–13:00 sa Chipir, sa Ghréig, sa Bhulgáir, sa Rómáin, sa Liotuáin, sa Laitvia, san Eastóin agus san Fhionlainn;
    e. 13:00–15:00 in La Réunion;
    f. Na Ranna agus na Críocha Francacha thar lear agus Oileáin Ísiltíreacha Mhuir Chairib: *tá rialacha speisialta i bhfeidhm*.

2. Reáchtálfar an comórtas mar seo a leanas:

Is iad na scoileanna a dhéanfaidh a socruithe féin ó thaobh an tseomra, an trealaimh TF agus na múinteoirí maoirseachta de, etc. (féach rialacha an chomórtais).

Ní mór na haistriúcháin a chur i gcrích laistigh den am oifigiúil a cheadaítear le haghaidh an chomórtais. Má tharlaíonn sé, ar chúinsí teicniúla, go logálann an rannpháirtí isteach suas le 15 nóiméad déanach, ba cheart an méid céanna ama a chaill sé a thabhairt dó ag an deireadh chun a chinntiú go mbeidh an 2 uair an chloig iomlána aige chun an t-aistriúchán a dhéanamh. **Ba cheart 2 uair an chloig a bheith ag gach rannpháirtí chun an t-aistriúchán a dhéanamh.** I gcásanna den sórt sin, tabhair do d'aire nach mbeifear in ann aistriúcháin a chur isteach ar ardán an chomórtais níos moille ná 15 nóiméad tar éis an ama atá leithdháilte go hoifigiúil. Nuair is gá, ní mór na haistriúcháin a shábháil mar dhoiciméad Word agus sin a sheoladh chugainn le ríomhphost (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu) láithreach bonn.

Lá an chomórtais, **beidh ar na rannpháirtithe logáil isteach ar ardán an chomórtais** (https://jt.ec.europa.eu) leis an ainm úsáideora/pasfhocal ar leith a tugadh dóibh nuair a cláraíodh iad. Seoltar ainm úsáideora/pasfhocal gach rannpháirtí chuig na múinteoirí le ríomhphost nuair a chláraítear na rannpháirtithe. Is féidir teacht ar an eolas sin ar ardán an chomórtais freisin, ar an leathanach ar a dtugtar forléargas ar rannpháirtithe na scoile.

⚠ **Molaimid go láidir go ndéanfaidh rannpháirtithe iarracht ceangal le hardán an chomórtais idir 10:00 an 20 Samhain agus 22:00 an 25 Samhain 2026 (Am Lár na hEorpa)** ach logáil isteach ar an suíomh leis an ainm úsáideora/pasfhocal a tugadh dóibh. Tabhair do d'aire nach bhfeicfidh tú aon téacs atá le haistriú go dtí tús oifigiúil an chomórtais, agus ní bheidh tú in ann aon téacs a shábháil ach an oiread. Is é is cuspóir don tástáil sin a chinntiú roimh ré nach mbeidh deacracht agat rochtain a fháil ar ardán an chomórtais.

⚠ **Má logálann rannpháirtithe isteach ar a bpróifíl roimh thús an chomórtais (10:00 Am Lár na hEorpa), ba cheart dóibh an *leathanach a ATHNUACHAN ar 10:00*.** Tiocfaidh an téacs atá le haistriú sa teanga atá roghnaithe acu aníos ar an scáileán sa fhráma ar chlé. Ba cheart do na rannpháirtithe a n-aistriúchán a chlóscríobh sa fhráma ar dheis. Ba cheart do na cnaipí 'Sábháil d'aistriúchán' agus 'Cuir isteach an t-aistriúchán DEIRIDH' a theacht aníos faoi na frámaí aistriúcháin ach an scáileán a bheith athnuaite ag tús an chomórtais.

⚠ Ní mór **an péire teangacha a roghnaíonn gach rannpháirtí** a chur isteach ar ardán an chomórtais le linn na tréimhse clárúcháin. Ní féidir an rogha sin a athrú tar éis 23:59 an 24 Samhain 2026. Dá bhrí sin, **seiceáil faoi dhó roimh an sprioc-am sin go bhfuil an t-eolas sin ceart** ar ardán an chomórtais.

Ní mór do na rannpháirtithe an t-aistriúchán a dhéanamh **ar líne** (ní ar pháipéar) agus é a chur isteach ar ardán an chomórtais.

Sula mbeidh am an chomórtais istigh, ba cheart do na rannpháirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ⚠ **an téacs a shábháil go rialta** ach cliceáil ar an gcnaipe 'Sábháil d'aistriúchán'.
- a n-aistriúchán a chur isteach ar ardán an chomórtais ach cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir isteach an t-aistriúchán DEIRIDH' ar an scáileán.

Ina dhiaidh sin, beifear in ann PDF a oscailt chun an t-aistriúchán a phriontáil. Beidh an rogha sin ar fáil tar éis do na rannpháirtithe cliceáil ar na cnaipí 'Sábháil d'aistriúchán' agus 'Cuir isteach an t-aistriúchán DEIRIDH'.

Mura féidir na haistriúcháin a chur isteach mar atá leagtha amach thuas, ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag an scoil orthu, déan na haistriúcháin a shábháil agus cuir ríomhphost láithreach chuig foireann JT.

3. Tar éis an chomórtais, nuair a logálann na múinteoirí isteach i gcuntas na scoile ar ardán an chomórtais (https://jt.ec.europa.eu) agus nuair a théann siad go **leathanach forléargais rannpháirtithe na scoile**, **beidh siad in ann rudaí eile a dhéanamh**, cuir i gcás:
    - féachaint ar aistriúcháin na rannpháirtithe agus iad a íoslódáil;
    - na teastais rannpháirtíochta a íoslódáil, ach iad a bheith ar fáil (féach pointe 10 thíos);
    - teastas molta speisialta a íoslódáil, má fhaigheann an rannpháirtí a leithéid (féach pointe 11 thíos).

4. An 26 Samhain **beidh na scoileanna uile atá páirteach sa chomórtas freagrach as an méid seo a leanas**:
    - a chinntiú gurb iad na daltaí a cláraíodh na daltaí a ghlacfaidh páirt;
    - monatóireacht a dhéanamh ar an triail;
    - a chinntiú gur in 2009 a rugadh na daltaí uile;
    - na háiseanna cuí, an trealamh TF cuí agus an fhoireann a chur ar fáil lá an chomórtais chun maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí;
    - a chinntiú go bhfuil na rialacha agus na treoracha seo léite ag na rannpháirtithe agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí agus go nglacann siad leo;
    - a chinntiú go reáchtálfar an comórtas go cóir agus go neamhchlaonta.

5. **Beidh cead ag daltaí foclóirí páipéir agus/nó foclóirí ar líne a úsáid (foclóirí aonteangacha agus dátheangacha araon)**.

⚠ **Is ceadmhach** na rudaí seo a leanas a úsáid:
- foclóirí *páipéir* agus/nó foclóirí *ar líne*

Uirlisí gairmiúla riachtanacha d'aistritheoirí is ea foclóirí, mar sin IS CEADMHACH foclóirí páipéir agus foclóirí ar líne a úsáid. Is ceadmhach idir fhoclóirí aonteangacha agus fhoclóirí dátheangacha a úsáid. Is féidir foclóirí níos speisialaithe, cuir i gcás foclóirí nathanna cainte, a úsáid chomh maith.

⚠ ***Ní* CEADMHACH** na rudaí seo a leanas a úsáid:
- seiceálaithe litrithe
- uirlisí aistriúchán ríomhchuidithe
- meaisínaistriúchán (e.g. Google Translate, DeepL)
- an intleacht shaorga (IS)

Má bhaintear úsáid as aon cheann de na huirlisí sin, cuirfear an t-aistriúchán as an áireamh.

Má theastaíonn socruithe speisialta ó dhaltaí faoi mhíchumas, ba chóir Caibidil 4 de Rialacha an chomórtais a léamh agus ríomhphost a sheoladh chuig foireann JT le cead a fháil roimh ré maidir leis na socruithe speisialta.

15 nóiméad roimh thús an chomórtais, foilseofar na **téacsanna** atá le haistriú ('buntéacsanna') ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT (https://translation.ec.europa.eu/get-involved-european-language-activities-and-initiatives/juvenes-translatores/juvenes-translatores-2026-2027-contest_ga#Useful-documents). Mar a míníodh i bpointe 2, tiocfaidh na buntéacsanna aníos go huathoibríoch ar an scáileán do gach dalta sa bhunteanga atá roghnaithe aige nuair a logálfaidh sé isteach ar ardán an chomórtais. Is féidir leat na buntéacsanna a phriontáil do na rannpháirtithe freisin más mian leat. Chuige sin, beidh fáil ar na buntéacsanna ar ár suíomh oifigiúil go gairid roimh am tosaithe an chomórtais. Déan a chinntiú nach bhfaighidh na rannpháirtithe na buntéacsanna sula dtosaí an comórtas go hoifigiúil.

Mura bhfuil tú in ann teacht ar na téacsanna ar an suíomh gréasáin, déan an leathanach a athnuachan ach na heochracha **Ctrl** agus **F5** ar an méarchlár a bhrú san am céanna. Mura mbeidh na haistriúcháin a chuirfear isteach lá an chomórtais ag teacht leis na péirí teangacha a cuireadh in iúl nuair a cláraíodh na ndaltaí, cuirfear na haistriúcháin sin as an áireamh.

6. **Má bhíonn fadhb ghinearálta theicniúil ann lá an chomórtais**, nó má bhíonn fadhbanna leanúnacha ann leis an logáil isteach, nó srianta móra eile ann, iarraimid ort:
    - **Fanacht sochair,** tiocfaimid ar réiteach;
    - Amharc ar ár **leathanach Facebook** (https://www.facebook.com/translatingforeurope) féachaint an bhfuil aon nuashonrú ann;
    - **Tús a chur leis an aistriúchán ar bhealach cúltaca malartach**:
        - **íoslódáil na buntéacsanna** a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT (https://translation.ec.europa.eu/get-involved-european-language-activities-and-initiatives/juvenes-translatores/juvenes-translatores-2026-2027-contest_ga#Useful-documents) ag tús an chomórtais (féach pointe 5 thuas) agus
        - **an t-aistriúchán a dhéanamh in Microsoft Word nó i bhfeidhmchlár eile den chineál sin** (glacaimid le haistriúcháin leictreonacha, ní aistriúchán ar pháipéar).
    - Ar an gcaoi sin, beidh na rannpháirtithe in ann ceachtar den dá rogha seo a leanas a dhéanamh:

        a) an t-aistriúchán a chóipeáil agus a ghreamú isteach ar ardán an chomórtais nuair a réiteofar an fhadhb theicniúil agus an t-aistriúchán a sheoladh isteach trí ardán an chomórtais ar an ngnáthbhealach; sin nó

        b) i gcás **nach réiteofar an fhadhb theicniúil roimh dheireadh oifigiúil an chomórtais**, is féidir leis an múinteoir na leaganacha leictreonacha d'aistriúcháin na rannpháirtithe a sheoladh chugainn le ríomhphost agus uaslódálfaidh foireann JT iad.

7. An 26 Samhain tabharfaidh foireann JT freagra ar do chuid ceisteanna agus cuirfidh sí comhairle ort le ríomhphost (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu) i do theanga féin.

8. Cuireann na heagraithe fáilte roimh aiseolas faoin gcomórtas. Beimid an-sásta do bharúlacha, do ghrianghraif agus d'fhíseáin a athphostáil ar ár gcuntais Facebook (https://www.facebook.com/translatingforeurope) nó Instagram (@TranslatingforEurope), má úsáideann tú an haischlib **#translating for Europe** nuair a phostálann tú ar do chuntais meán sóisialta féin.

9. Cuirimid i gcuimhne do mhúinteoirí agus daltaí araon gur scrúdú ar nós scrúdú ar bith eile é an scrúdú aistriúcháin seo, agus gur cheart do na daltaí tabhairt faoi ina n-aonar. **Ní mór do na rannpháirtithe an obair a dhéanamh ina n-aonar (ní i mbeirteanna ná i meithleacha) agus níl cead ag na múinteoirí cabhrú leo**. Má bhíonn amhras ar na ceartaitheoirí go raibh caimiléireacht ar siúl, d'fhéadfaí an scoil a chur as an gcomórtas.

10. Féadfar teastas rannpháirtíochta a íoslódáil le haghaidh gach rannpháirtí a chuir isteach aistriúchán. Féadfar teastas a íoslódáil don mhúinteoir a d'eagraigh an chomórtas don scoil. **Ní mór gach teastas a íoslódáil faoin 1 Meitheamh 2027**. Seolfar ríomhphost ina mbeidh tuilleadh treoracha chuig gach scoil a ghlac páirt sa chomórtas.

11. Féadfar **moltaí speisialta** a sheoladh amach chuig cuid de na rannpháirtithe má bhíonn a gcuid aistriúchán ar chaighdeán fíor-ard. Cuirfear na múinteoirí lena mbaineann ar an eolas le ríomhphost tar éis fhógairt na mbuaiteoirí. Foilseofar ainmneacha na ndaltaí a bhfuil moladh speisialta ag dul dóibh ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT. Bronnfar duais bheag ar na daltaí agus tabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i ranganna teagaisc ar líne faoin aistriúchán agus faoin bhfoghlaim teangacha.

12. Foilseoidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ainmneacha na mbuaiteoirí, mar aon lena n-aistriúcháin, ar **shuíomh gréasáin oifigiúil JT an 11 Feabhra 2027** agus tabharfar cuireadh do na buaiteoirí **chuig searmanas bronnta mar chuid de chuairt 3 lá ar an mBruiséil an 8-10 Aibreán 2027**. Is é an Coimisiún a eagróidh agus a íocfaidh as taisteal agus lóistín do bhuaiteoir amháin, do suas le beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí agus do mhúinteoir amháin as gach Ballstát den Aontas Eorpach.

Má tá aon cheist eile agat:

- Suíomh gréasáin oifigiúil JT: https://translation.ec.europa.eu/get-involved-european-language-activities-and-initiatives/juvenes-translatores_ga
- Facebook: https://www.facebook.com/translatingforeurope
- Instagram: translatingforeurope
- Seol ceisteanna chuig foireann Juvenes Translatores ag DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu; sin nó
- Cuir ceist ar an teagmhálaí JT in oifig áitiúil Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin i do thír féin (https://translation.ec.europa.eu/contact-us_ga).

Go n-éirí an t-ádh leat!
Foireann Juvenes Translatores